

Gníomhaíocht Daltaí: Lochán ciorclach agus an cosán timpeall air a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘Lochán ciorclach’, ar CD an Dalta.

Gorm = an loch
Liath = an cosán


Ga an chiorcail istigh = 3.7 Leithead an chosáin = 1.1

Bog na sleamhnóirí agus déan loch agus cosán ar mhéideanna difriúla

Cliceáil agus feicfidh tú achar an chiorcail istigh

Cliceáil agus feicfidh tú achar an chiorcail mhóir

Cliceáil chun achar an chosáin a fháil



Na toisí uile ina méadair

1. Faigh achar chiorcail dar ga 3.7 cm. Mínigh mar a fuair tú do fhreagra.

2. Tá lochán ciorclach ann dar ga 5 m agus cosán mórthimpeall air atá 1 m ar leithead.
 - a. Céard é achar an locháin?

- b. Céard é achar an locháin móide achar an chosáin?

- c. Céard é achar an chosáin?

- d. Má chosnaíonn sé €50 sa m^2 an cosán a dhéanamh, cé mhéad a chosnóidh an cosán?

- e. Dá méadófaí leithead an chosáin go dtí 2 m, cén difríocht a dhéanfadh sé sin d'achar an locháin móide chosáin, agus freisin d'achar an chosáin? Mínigh do fhreagra.

3. Gairdín ciorclach a bhfuil achar $49\pi m^2$ ann: Is é atá ann, lochán agus cosán 1m ar leithead mórthimpeall air. Faigh achar an locháin agus achar an chosáin.

4. Tá gairdín ciorclach ann ina bhfuil loch darb achar $36\pi m^2$ agus cosán 1m ar leithead mórthimpeall air. Faigh achar an locháin agus achar an chosáin.

5. Gairdín ciorclach darb achar $78.5 m^2$: Is é atá ann, lochán agus cosán 1 m ar leithead mórthimpeall air. Faigh achar an locháin agus achar an chosáin.

6. Pictiúr ciorclach darb achar 452.16 cm^2 agus fráma 2 cm ar leithead mórthimpeall air. Faigh achar an bhalla atá clúdaithe ag an bpictiúr frámaithe sin.

7. Rinne cócaire píotsa dar trastomhas 50 cm a bhácáil an iomarca, ionas gur fágadh imeall 2 cm dóite do-ite mórthimpeall air. Cén t-achar píotsa a cuireadh amú? Cén céatadán den pháotsa a cuireadh amú?

8. Tá teaghlach chun a linn snámha a mhéadú, agus 100 cm a chur leis an nga. Linn snámha dar ga 6 m atá ann faoi láthair. Cén t-achar a bheidh sa linn snámha nuair a bheidh an obair curtha i gcrích? Cén céatadán de mhéadú a bheidh i gceist?

9. Chinn teaghlach a gceapach bláthanna chiorclach dar ga 4 m a laghdú: clúdófar 2 m timpeall an imill le suimint. Cén céatadán den cheapach a chaillfeair?

10. Nuair a bhí an taos á rolláil amach do pháirtí ciorclach dar ga 20 cm, shocraigh an cócaire pháirtí níos mó a dhéanamh as agus an ga a mhéadú 5 cm.

a. Céan céatadán de mhéadú a chuirfidh sé sin ar achar an pháirtí?

b. Ríomh achar boinn an bhosca dhronuilleogaigh a theastaíonn do pháirtí den mhéid nua sin.

c. Airde 8 cm a bheidh sa bhosca. Tarraing líontán lipéadaithe den bhosca a theastaíonn.

d. Faigh toirt an bhosca.

e. Faigh achar dromchla iomlán an bhosca.
